POLAITÍOĊT

Ag Gleic fa'n Easair Ḟolaṁ atá F.F. agus F.G.

Is maiṫ mar atá Liam Mac Cosgar ag cruṫú mar cean-naire páirtí poiliticiúil, mar ceannaire ceann de na príoṁ páirtíṫe polaiticiúil, nó is cosúil naċ ḃfuil ann aċ an dá ṗáirtí in Éirinn go fóill— Fianna Fáil agus Fine Gael, agus naċ ḃfuil éiriṫe leis an Luċt Oibre briseaḋ tríd go dtí smaoineó-faí orta mar ábar freaúra.

Déanta na fírinne is speisiúl é a ṫúar goidé mar a ḃéas cúrsaí Polaitiúla in Éirinn i gceann deiċ mbliana abair, nuair a ḃéas luċt Cogaḋ na Saoirse imiṫe ar fad, agus Dá Aicme úr nua i bḟianna Fáil agus i bḟine Gael.

Deir an Luċt Oibre naċ ḃfuil iontu aċ dá ġné den rud céanna agus gur ceart díobṫa dul le céile. Ḃí an uair ann, agus ḃí Fine Gael íontaċ imċoimeadaċ, agus Fianna Fáil ina bṗáirtí Luċt Oib-re, ní b'ḟéidir beagáin ar ċlé den Luċt Oibre, a ḃí ann ins na trioċadaí.

Aċ, is mór ar fad an t-aṫrú a ṫáinig ar Fianna Fáil ó ṡin, agus i ndáiríriḃ, tá siad beagán nó mórán imċoim-éadaċ anois.

D'ḟág sé seo go raiḃ Fine Gael ḋá mbrú i gcoirnéal, agus ḃí a ṡlioċt ar a gcuid ḃótaí ins na daċadaí agus ins na caogadaí.

Le deiċ mbliana anuas, nó mar sin, ḃí an smaoineaṁ ag éirí ar tús, agus ansin ag dul i bḟeiḋm gur ceart do Ḟine Gael scaraḋ leis an iarsma don sean uaċtaránaċt agus an ceangal le Sasain, agus an imċoiméadas, ⁊ agaiḋ a ṫabairt ar an am atá le teaċt, agus sin a ḋéanaṁ tré polasaí níos dul-ċun-cinn a ġla-caḋ agus go h-áiṫrid polasaí a ḃí ag glacaḋ níos mó cuntas den rud a ḃí ag teastáil ón gnáċ duine ón Stát aṫarḋa mar 'déarfá.

Tá an plean ċuige sin ull-maiṫe agus foilsíṫe ag Ó Cois-tealḃa óg. aċ níl sé 'na polasaí oifigiúil go fóill, agus ar ḋóiġe aṁáin, fágann sé an dá aicme móra gan cinnteaċt ar biṫ cé tá ar ṫaoḃ na láiṁe clé, nó cé tá ar ṫaoḃ na láiṁe deise.

Aċ, is rud nádúrṫa é seo ó ṫaoḃ páirtiṫe, mar ní ḃíonn páirtí ar biṫ go imċoiméadaċ ar fad, agus páirtí eile dul ċun cinn nó radical, ar fad. Ḃíonn meas-caḋ agus dí-ḃlúṫú agus gréasán ilġnéiṫeaċ in gaċ páirtí. Sin mar atá i Meiriceá san lá inniu, leis na Daonlaṫaí agus na Pob-laċtánaiġ. Ḃí clú an imċoiméa-das ar na Poblaċtánaiġ, aċ is iomaḋ uair a ḃí fir mór le rá ó ṫaoḃ dul ċun cinn, ina measc, agus is iomaḋ uair a raiḃ an ria-raċáin agus an ceannas insan Ṗáirtí sin, níos fuide ċun cinn ná na Daonlaṫaí. Maraċ sin ar ndóiġe, ní ṫiocfaḋ leo tromlaċ an ṗobail a ṫaḃairt leo. Agus b'é an léiriú ab' ḟearr ar sin ná an dóiġe ar ṫit an lug ar an lag ag an Ṗáirtí Poblaċtánaċ nuair a ṫog siad, nó nuair a ṫógaḋ sé féin, é féin, ionadaí a ḃí sár ċoiméadaċ ar fad, mar ḃí Goldwater.

Má ṫéann Lindsai, cuir i gcás, a ḃuaiġ Méire Nua Eabraċ. an tseaċtain seo caite, ar agaiḋ, is cinnte go mbeiḋ clár aige a ḃéas lán ċoṁ dul-ċun-cinn ar ċuile ḃealaċ agus a ḃéas ag na Daonlaṫaiġ amaċ anseo.

Féadann muid a ḃeiṫ ag súil le rud mar sin in Éirinn san am atá le teaċt. Agus aṫrú béime, níos mó ná aṫrú polasaí i gceist idir Fianna Fáil agus Fine Gael. Gan ċeist mór náisiúnta ar biṫ, tá sé an-dóiliġ a feiceáil, goidé mar a ṫiocfaḋ an Luċt Oibre ċun cinn insan tír seo, ar ċaoi agus go ndéanfaḋ siad fiú aṁáin, páirtí ar ċó-ċéim le Fine Gael, san bḟreasúra. Ceist eile anois, da mba Páirtí mór le rá Gaeilge iad!

— — —

Árd Ḟeis iontaċ bríoṁar — Árd Ḟeis fuinniúil; Árd Ḟeis óg, a ḃí ag Fine Gael. Ba maiṫ mar laḃair Liam Mac Cosgar ina óráid Uaċtarán, aċ, ḃí easnaiṁ air. Ḃí easnaiṁ mór air. Laḃair sé cúig nó sé línte dá óráid as Gaeilge, ar tús. agus ḃí an Ġaeilge ceart go leor, aċ, taoḃ amuiġ de sin, tagairt dá lagaḋ ní raiḃ ann don Ġaeilge. Ní seo óráid Uaċtarán Príoṁ Ṗáirtí ins na seascadaí. Is cosúil uaiḋ, agus ón tone a ḃí ag an Árd-Ḟeis go dtuigeann Fine Gael anois nár ḟág an Páipéar Bán faic ar biṫ acu, le ḃeiṫ a casaċt faoi. Mar sin de. níl rud ar biṫ aċ polasaí dearfaċ de ċineál éig-in a ṫuilleaḋ ḃótaí díoḃṫa ó'n Ġaeilge.

An amlaiḋ ón tost go gcaiṫfa-imíd a ġlacaḋ naċ ḃfuil polasaí dearfaċ dá leiṫéid seo acu.

Níl an dara rud le baint as. agus is trua é, mar tá Fianna Fáil, agus polasaí Fianna Fáil coṁ h-ísliṫe anois, de ṫairbe na Gaeilge de, tá sé mar 'déarfá' ar an coṁéadaí is lú a dtiocfaḋ le Éireannaċ ar biṫ seasaṁ air, agus go ḃfágann sé aicme an ṁór de Éireannaiġ agus de Ġaeilgeoirí atá mí-ṡásta ar fad. Níl focal ar Fine Gael le rá leo sin.

Táṫar mí-ṡásta le caiġdéan na múinteoirí ins na coláistí oiliúna; táṫar mí-ṡásta le caiġ-deán an ḃéal-scrúdú; táṫar mí-ṡásta naċ ḃfuil an Ġaeilge riaċtanaċ do luċt dain-aicme a ḃéas ag freatal ar ṗobal na hÉireann amaċ anseo. Táṫar mí-ṡásta le stáid na Gaeilge ins na seirḃísí ṫoibli agus eile. Tá-ṫar mí-ṡásta ar fad le stáid na Gaeilge ins na Gárdaí, mar ṡom-pla. Tá mol mór de ṁí-ṡásaṁ ciúin. neaṁ-ġlóraċ ann. naċ ḃfuil ag fanaċt le glór a ḟáil, agus níl Fine Gael, an príoṁ-Ṗáirtí Frea-súra ag taḃairt an ġlór sin.

Níl le tuigḃeáil ó óráid Ṁic Cosgair, aċ nuair naċ ḃfuil ḃítaí le gnoṫú ó cancaráin i gcoinniḃ na Gaeilge, naċ ḃfuil suim polaiticiúil ar biṫ acu ann.

Is trua sin, agus beiḋ le feis-cint ar ċuid ḃótaí Fine Gael san aimsir roṁainn gur olc a rinne siad droim a ṫaḃairt leis an Gaeilge mar seo. Rud naċ ndéanfaḋ daoine mar Miċeál Ó hAoḃa, nó Risteárd Ó Maol-ċaṫa ina lá, ná fiú aṁáin Séam-as Ó Diolúin, féin.

Tá seans ar ḋóiġ anseo don Luċt Oibre, aċ an ḃfuil an Luċt Oibre ullaṁ leis an seans a ġlacaḋ ó ṫaoḃ polasaí nó ó ṫaoḃ pearsanraḋ de? Sin le plé lá eile.

FEARFEASA.

LITIR SHASANA

Macsie

Creidim nach ndéanfaidh mé dearmad go deo ar Mhacsie. Ostáireach beag glinn-shúileach go raibh cloigeann maol air (cé's móite de go raibh stoth beag ghruaige os cionn 'chaon chluais leis) a bhí ann—ní raibh a shamhailt ar an saol ach leipreacháinín beag meidhreach, dea-ghleasta. Agus tabhair dea-ghléasta air! Ní bhíodh air ach an scoth, mar Mhacsie. Hata uaithne velúir, léine 'gus carbhat den stuif ab' fhearr, casóg bréidín agus bríste den ádhbhar údan ar a tugtar 'Cavalry Twill'. Ná ní chaithfeadh sé ach bróga leathair a chosnaíodh — fiú an t-am sin—go maith os cionn cheithre phunt.

Tháinig sé ar lóisdín sa dteach Pólainneach a raibh mise mé féin ag cur fúm ann —tí Victor Razconek i mbaile Northampton. Níor aon sclábhaí bildeála fear-acht an chuid eile dena lóis-déirí a bhí i Max. B'fhada uaidh é muis. Teicneoir thelefóna a scaoileadh anall óna thír féin faoi scéim eicínt a raibh baint aige le NATO a bhí ann; bhí tuarasdal diabhaltach ag dul dhó, creidim, ach má bhí féin ní raibh rian ar bith den mór is fiú ná de'n bpostúlacht ag siúl leis. An chéad oíche dar shuí sé chun buird linn, chuir sé é féin in ár n-aithne go deas múinte— rud nach ndéanfadh an t-Eireannach tá faitís orm. O ba cineál Ghearmánach a bhí i Macsie bhí a bheag nó a mhór de dhoicheall ag muintir an tí rompa, nídh nach íon-adh b'fhéidir, agus a bhfuair a gcine sin de sciúrsa ó na Náitsithe in aimsir an chogaidh. Ach má d'aithn mo dhuine é seo orra faic na fríde níor lig sé air féin agus ba ghearr uilig go mbidís ar nós an chuid eile againn 'sna tríthí ag gáire faoi'n a chuid scéalta greannmhara — nó faoi Mhacsie é féin agus faoin mbealach áiféiseach ina n-athraíodh sé iad ba chirte dom a rá, arae bhí na scéalta féin leanbai go leor. Ach níor rith sé le Macsie aon uair gur mar sin a bhí agus mhealladh an gáire tuille scéalta ina rabhartaí uaidh. Agus bhíodh sé gealgháireach cainteach i gcónaí, síodúil agus soineannta le 'chuile dhuine, agus gan mórán achair ba é chaoi go mbíodh muid ag tnú isteach chun an bhéile leis le go gcuirfeadh sé tús leis an spraoi.

Ach ní bhíonn saoi gan locht. Níorbh fhada go bhfuair muid amach go raibh ar an gcuid chaol dhe, dúailche mór amháin ag roinnt lena gcara: b'fhuath leis na Giúdaigh! "Tá trí chineál Iúdach ann," adeireadh sé, "Na Iúdaigh Rúiseacha: teas-taíonn uatha an domhan a chur faoi smacht; na Iúdaigh Shasanacha: teastaíonn uatha an domhan a chur faoi smacht; na Iúdaigh Puncánacha: teastaíonn uatha sin an domhan a chur faoi smacht freisin!" Thagadh aoibh ar Mhacsie tar éis an natháin sin a chanadh ach ar thuigsint dó nach raibh aon ró-bhá leis an ndearcadh sin againn chasadh sé ar phort eile.

"Céard faoi na hEireannaigh bochta? — muintir na Poblachta nach féidir leo a dhul isteach ina Sé Condaethe féin gan na cloigne a bheith dá bhaint dóibh ag an Sasanach?"

Dúirt duine eicínt againn leis ansin go mb'fhéidir nach raibh an scéal comh dona sin, baileach, ach ní raibh glacadh ar bith ag Macsie leis sin.

"O, nach bhfuil a fhios agam cé mar tá an scéal, nach bhfaca mé pictiúirí thall i mo thír féin: na dubhchrónaigh mallaithe údan ag creacadh na tíre agus ag marú daoine as éadan; ag loit, ag dó agus ag réabadh! Dá mbuaidhfeadh an Ghearmáin shaoródh sí Eire!"

Scaití bhíodh babhtaí tréan argóna idir Macsie agus Mac Razconek, faoi ghach dár thárla i rith an chogaidh comh maith agus d'fhéadfadh muide a dhéanamh amach arae bhídís ag dul ó theanga go teanga de réir mar a bhíodh ag méadú as an bhfíoch aca. Bhainidís feidhm as an mBéarla i dtosach báire, as sin go dtí an Ghearmáinis nó an Pólainis agus ba é ba dhóí dóibh a dhéanamh chríochnú i meascán den dtrí theanga úd.

Bhí fear amháin eile sa lóisdín agus níor thaithn cuid cainnte Mhacsie leis ach comh bheug. Albannach a bhí sa bhfear seo agus bhí an luí aige leis an gComhaoineachas. Níor mhiste leis cé'n caitheamh anuas a dhéunfadh Macsie ar an mBreatain Mhór ach gan aon cheo a rá faoin Rúis. D'fhiafraigh sé de Mhacsie an oíche seo 's muid ag ithe an dinnéar, cé'n t-údar a bhí ag na Naithsithe an oiread sin spíde a imirt ar na Iúdaigh 'sna campaí ghéibheann. Ba dhóbair dúinn fhéin a dtaobhannaí a phléascadh ag gáire faoin fhreagra a thug Macsie air; agus faoi an geátsaíocht a bhí air cúns bhí sé dhá túirt uaidh.

"Vat you vant them do?" ar seisean, ag leigin sceamh as ar nós gadhar beag a sheasfá ar roball leis. "You tink they should treat mit every kindness them, und give them six course dinners every day? Und ask them to promise PLEASE not to ruin de country's economy? You tink they should haf feather beds for them und every convenience?"

Ba bharrúil go deo an gheamaireacht a bhí ar bun aige, ag ithe an dinnéar shéchúrsa mar dhóí dhé 'gus ag síneadh siar sa leaba bhog. Ansin rinne sé drad-gháire leis an gcuid eile againn mar bheudh sé cinnte go rabh buaidhte aige ar Jock an iarraidh sin.

D'fhiafraigh Jock de ansin cé'n risimint nó cath ina rabh sé i rith an chogaidh. Baineadh siar as Macsie ar fea nóiméad.

Bhí mé sa Leigiúin Arabach," ar seisean go cineál maolcluasach, shíleá. Leig Jock a shean-scairt fonóideach uaidh agus bhuail spadhar Macsie i gceart ansin.

"De proof! De proof!" ar seisean de scréach ag túirt a bhailéid aníos as a phóca. Bhain sé peictiúir amach as agus shín sé chuig Jock é agus a lua in Eirinn agus a chonaic an chuid eile againn é phléasc muid amach ag gáire. Macsie a bhí ann gan dabht, é réití amach i bhfeisteas Arabach, idir an ceannbheart sin ar a dtugtar 'burnoose' sílim, róba bán agus 'chaon t-sórt. Ach dáiríre píre ba mhó a chosúlacht le fear a bheadh ag teacht amach as tobán folctha ná a dhath eile.

D'fhéach Macsie ó dhuine go duine againn amhail agus nach mbeadh a fhios aige, baileach, arbh fhearr dó olc a ghlacadh nó tosú ag gáire in éindí linn. Ansin leath a aoibh air agus thosaigh ag gáire in éindí linn. Ansin leath a aoibh air agus thosaigh ag gáire lán comh chroíúil le duine ar bith.

Agus ba shin é an fáth nach dtiocfadh leat a bheith namháideach dó Mhacsie aineoin a dhearcadh gránna poilítíochta; bhí tréith nó féith sin na daonnachta go smior ann. Is éard ba mhaith liom féin a chreidsint ná nach gcaithfeadh mo Mhacsie breá faic níba mheasa le duine ar bith — Iúdach ná eile—ná mar a chaithfeadh aon Chríostaí cóir.

Dónall Mac Amhlaigh.

Fianna Fáil agus an Ġaeilge

SLIOĊT AS TUARASCÁIL NA nARD RÚNAIṪE

Ar ṫeaċt na h-aiṫḃliana um Ḃealtaine, beiḋ a ḋaċad ḃliain slán ag Fianna Fáil. Is maiṫ an tréiṁse daċad bliain, agus go cionn i ḃfad anonn beiḋ léaṁ sa stair ar eaċtraí na linne úd.

Ḃeiḋ a h-áit féin sa stair sin ag Fianna Fáil agus ní gá a rá gur áit ard a ḃéas ann.

Ba léir d'Éireannaiġ Óga na bliana 1926 gurḃ é Fianna Fáil an gléas a b'éifeaċtaí lena ḃféadfaí Éire do ċur ċun cinn fé mar ba ṁian leo i riṫ na mblianta ḃí rompu. Sin é an fáṫ gur ġaḃadar ina sluaiṫe le Fianna Fáil.

Creidimíd go ḃfuil grá a dtíre i gcroí an aosa óig ċoṁ beo bríoṁar inniu is a ḃí i gcroí na nglúnta ċuaiġ rompu. Creidimíd freisin, go dtuigfiḋ Éire Óg na linne seo—aċ na faḋbanna atá le fuascailt fós a léiriú go cruinn dóiḃ—gur trí ḃeiṫ páirteaċ go dúṫraċtaċ díoġraiseaċ in obair Fianna Fáil is fearr a ṡaoṫróiḋ siad leis na hÉireann as so amaċ.

Tá crua-ḃearta le réiteaċ ag an náisiún fós. Ár dteanga ḋúċais d'aṫċur ar ḃeola ár muintire go léir, agus tír na hÉireann d'aṫaontú slán — sin iad an dá ḟaiḋḃ is mó atá le réiteaċ.

Tá sé soiléir go ḃféadfaimis uiliġ i ḃfad níos mó a ḋéanaiṁ ċun an teanga do ċur ċun cinn, agus iarraimíd ar ár mbaill iarraċt speisialta a ḋéanaiṁ an ḃliain seo ċugainn in onóir an daċad ḃliain ḃeiṫ slánaiṫe ag Fianna Fáil agus in onóir Iúḃaile Órḋa 1916. Ní foláír an díoġrais ṫírġráċ a ċoinniġ Fianna Fáil go buaċaċ bríoṁar le daċad blian anuas a ċoiméad beo sna laeṫanta atá róṁainn. Aċ an díoġrais uasal sin a ḃeiṫ ag an t-aos óg, tá linn.